

# COMHDHÁIL SHULCHÓID BHEAG

## Painéal 1

### I nDiaidh an Éirí Amach

Díreach i ndiaidh an Éirí Amach bheartaigh na húdaráis Bhriotanacha na daoine a ghlac páirt, ann nó a bhí faoi amhras gur thaobhaigh siad leis, a locadh. Gabhadh 3,400 éigin duine ar fud na hÉireann agus bhí an formhór acu curtha chuig an mBreatain lena gcur i bpríosún.

Bhí cinniúint níos measa i ndán do dhaoine eile. Thosaigh na básuithe ar an 3ú Bealtaine le bás an Phiarsaigh, an Chléirigh agus Mhic Dhonnchadha i mBaile Átha Cliath agus lean siad ar aghaidh go dtí an 12ú Bealtaine tráth a cuireadh Seán Mac Diarmada agus Séamus Ó Conghaíle chun báis, leis an gConghaileach strapáilte i gcathaoir. Bhí 15 fear curtha chun báis faoi seo agus bhí bá an phobail tosaithe ag taobhú go tapa leis na reibiliúnaigh. Thug Seán Ó Diolúin MP rabhadh don Rialtas i dTeach na dTeachtaí an 10ú lá de Bhealtaine go raibh *'rabharta fola á scaoileadh'* acu. Faoi Shamhradh 1916, bhí siadsan a ghlac páirt san Éirí Amach á gceiliúradh mar laochra: bhí bailéid á scríobh ina leith agus cistí á gcruinniú d'fhonn tacú lena dteaghlaigh.

Nuair a scaoileadh saor na príosúnaigh, a lán acu roimh dheireadh 1916, d'fhill siad ar Éirinn ina raibh tuairim an phobail athraithe go mór. Is amhlaidh gur fáiltíodh rompu mar laochra. Bhí cuid mhaith de na príosúnaigh nach raibh baint ar bith acu leis an Éirí Amach amach ach a bhí réidh anois le bheith páirteach tar éis dóibh teacht i dteagmháil le feallsúnacht Phoblactánach le linn dóibh bheith i gcampaí de leithéid Frongoch.

Sna blianta tar éis Éirí Amach 1916, lean ar thacaíocht an phobail ag fás. Rinne Aifrinn chuimhneacháin agus comórthaí an fhearg a lean na básuithe a chothú; thioctadh na clanna agus na gaolta i láthair agus gach aon gháir molta ag na sluaite. Thug *Comhlucht Conganta na n-Gaedhal* agus *Ciste Chleithiúnaigh Óglaigh na hÉireann* fócas ní amháin do dhaoine ar mhian leo cabhrú le clanna na marbh nó clanna na ndaoine gortaithe, ach dóibh siúd a raibh olc agus doicheall orthu roimh an mbunachas Sasanach in Éirinn. Ní raibh an Rialtas Dúchais, a bhí geallta cheana féin, le feiceáil ach oiread, agus chuir sin as go mór fiú dóibh siúd a bhí i gcoinne an Éirí Amach i dtosach. Ag an am chéanna, d'fhág bagairt leanúnach an choinscríofa míshocracht ar dhaoine.

De réir mar a bhí olltoghchán 1918 ag breith orthu, tháinig Sinn Féin chun cinn ó thaobh na polaitaíochta de.

## **Painéal 2**

### **Olltoghchán 1918.**

Céad bliain ó shin, i Mí na Nollag 1918, d'ímigh fir agus mná na hÉireann chun vóta a chaitheamh den chéad uair ó Éirí Amach na Cásca. Cor cinniúnach a bhí ann inar thug Sinn Féin dúshlán Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, a bhí ceannasach ag an am, agus inar bhuaigh siad 73 den 105 shuíochán Éireannacha i dTeach na dTeachtaí. Scriosadh Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, arbh é glór polaitiúil náisiúnachais bhunreachtúil na hÉireann le glún é. Ní raibh ach 6 shuíochán fágtha acu. Bhí an 26 shuíochán eile buaite ag Aontachtaithe go háirithe in Ulaidh thoir-thuaidh. Maidir leis an chuid eile den tír, chaith siad a gcuid vótaí leosan a bhí i mbun Éirí Amach na Cásca.

De réir gealltanais, dhiúltaigh ionadaithe tofa Shinn Féin a gcuid suíochán i Westminster a ghlacadh agus, ina n-áit, chuir siad parlaimint neamhspleách –*Dáil Éireann* – ar bun i mBaile Átha Cliath.

Toradh Olltoghchán 1918 nach raibh súil leis ab ea an bac a cuireadh le fás Pháirtí an Lucht Oibre in Éirinn. Arna bhunú i gCluain Meala i 1912, ba chóir go mbeadh fás i ndán don Pháirtí de thoradh mar ar éirigh leis seasamh in aghaidh an choinscríofa. D'ainneoin sin, chinn an páirtí fanacht amach ón Olltoghchán chun vótáil soiléir ar cheist an fhéinchinntiúcháin a chumasú. D'éirigh leis seo an t-olltoghchán a athrú go reifreann ar an neamhspleáchas dáiríre - ach bhí Páirtí an Lucht Oibre é féin go mór thíos leis.

### **Vótaí do Mhná**

Sa bhliain 1918, den chéad uair riamh, bhí an ceart ag Bantracht na hÉireann vótáil nó seasamh i dtoghcháin parlaiminte. Ba chlaochú i bpolaitíocht na hÉireann é seo a tháinig ann de thoradh iarrachtaí ghluaiseacht na sufragóirí in Éirinn, dream a bhí ag éirí níos míleata le himeacht ama. Cé gur chuir an Chéad Chogadh Domhanda moill air, aimsíodh cearta na mban sa deireadh san Acht um Ionadaíocht an Phobail, 1918 a thug an vóta do gach fear os cionn bliain is fiche agus do mhná os cionn tríocha a dó, agus ar sealbhóirí tithe iad.

Ba é Olltoghchán 1918 an chéad uair a tugadh deis leo an vóta sin a chur chun feidhme agus ba é an chéad uair a bhí bean tofa don Pharlaimint Bhriotanach, an Chuntaois Markievicz, ionadaí do thoghlach i mBaile Átha Cliath. Níor ghlac sí a suíochán i Westminster riamh. Ina áit sin, chuaigh sí isteach sa chéad Dáil réabhlóideach mar an chéad T.D. baineann.

## Painéal 3

### An Chéad Dáil

Tar éis mórbhua Shinn Féin in Olltoghchán 1918, tháinig comhaltaí tofa le chéile i dtionól poiblí i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath chun An Dáil a fhógairt mar Pharlaimint Dlisteanach na hÉireann. Cé gur tugadh cuireadh do Chomhaltaí Parlaiminte tofa uilig, níor tháinig ach ionadaithe Shinn Féin amháin. Fiú ansin, ní raibh ach 28 de na Teachtaí in ann freastal ar an gcéad tionól sin. Mar fhreagra ar an nglaoch rolla i dtosach na n-imeachtaí, fógraíodh an formhór eile acu bheith ... *Faoi Ghlas ag Gallaibh.*

Thosaigh an chéad chruinniú ag 3.30pm agus tháinig chun críche dhá uair an chloig níos déanaí. Sa seisiún gearr seo, d'éirigh leis an Dáil Bunreacht sealadach a fhaomhadh, triúr ionadaithe a cheapadh chuig an gComhdháil Síochána Iarchogaidh, Faisnéis Neamhspleachais a fhógairt, teachtaireacht chuig Saor-Náisiúin an Domhain a eisiúint, agus Clár-Oibre Poblachtánach a chur amach inar leagadh amach na bun-phrionsabail a thiománfadh beartas socheacnamaíoch. Bhí níos mó ná céad iriseoir i láthair, ón iasacht a bhformhór.

Bhí tromlach de chomhaltaí na chéad Dála tar éis páirt a ghlacadh in Éirí Amach na Cásca nó ba náisiúnaithe sean-aitheanta iad. Orthu san bhí bunaitheoir na n-Óglach Eoin Mac Néill, Risteárd Ó Maolchatha (Ceann Foirne an IRA agus Aire Cosanta níos deireanaí) agus Seán T. O Ceallaigh, (Uachtarán na hÉireann níos deireanaí). Ar na comhaltaí a bhí as láthair bhí Art Ó Gríobhtha, An Chuntaois Markievicz agus Éamonn de Valera a bhí uilig i bpríosún i Sasana. Bhí Micheál Ó Coileáin agus Anraí Ó Beoláin thall i Sasana freisin..... cé nach i bpríosún a bhí siad ach ag réiteach d'éalú de Valéra!

*“Dearbhuighmíd ná fuilingeóchaimíd go bráth an cumhangcas atá dá dhéanamh ag an annsmacht Ghallda ar ár gceart náisiúnta agus éilighmíd ar chamthaí na Sasanach imtheacht ar fad as ár dtír.”*

Sliocht as Faisnéis Neamhspleachas arna eisiúint ag an gcéad Dáil, 21 Eanáir, 1919.

## Painéal 4

### Sulchóid Bheag

Bhí an bord glanta go hiomlán ag Sinn Féin in olltoghchán 1918, agus bhí sé feicthe mar reifreann ar an neamhspleáchas féin. Amuigh fán tír, níorbh ionann ullmhacht chun catha an IRA i ngach uile áit. Bhí ganntanas arm agus armlóin fós ina bhac mór orthu.

Go déanach i 1918 fuair 3ú Briogáid Thiobraid Árann faisnéis go raibh méid áirithe geiligníte le bheith seachadtha go Cairéal Sulchóid Bheag go luath san athbhliain faoi thionlacan armtha. Tionóladh foireann luíocháin, lena n-áirítear Seán Treacy, Dan Breen, Seán Hogan, Séamus Robinson, Tadhg Crowe, Mick McCormack, Paddy O'Dwyer, Michael Ryan agus Seán O'Meara (an bheirt deiridh sin mar scabhtáí ar rothair). Ní raibh aon chruinneolas acu faoi chathain a bhí an choinsíneacht le bheith aistrithe, agus mar sin luigh na fir i bhfolach roimhe ón 16ú Eanáir.

Ar an 21ú lá d'Eanáir, 1919 – an lá céanna a tháinig an Chéad Dáil le chéile i mBaile Átha Cliath - tháinig an focal go raibh an choinsíneacht ag bualadh bóthair. Bhí beirt oifigeach den RIC á thionlacan, James MacDonnell agus Patrick O'Connell, lena raibh beirt oibrí de chuid na Comhairle Contae - James Godfrey and Patrick Flynn. Shiúil na constáblaí taobh thiar den charr lena raidhfíilí caite siar thar a nguailnge.

San iomlán níor mhair an luíochán níos faide na cúpla nóiméad agus tagann na cuntais salach ar a chéile. A ndúshlán á thabhairt, de réir dealraimh chuaigh an bheirt póilíní i muinín a ngunnaí agus lámhachadh iad araon. Níor scaoileadh ceachtar dá raidhfíilí.

Is mó ceist ná freagra atá ann faoi ord na n-imeachtaí nó faoin rún a bhí ag lucht an luíocháin. Ar bhuaill scaoll iad nó an ndearna said mí-léamh ar an scéal? Nó an ndeachaidh siad amach leis na constáblaí a mharú d'aon ghnó? Dúirt Dan Breen ina dhiaidh sin:

*“Bhí an Treasach tar éis a rá liom gurbh é an t-aon bhealach le cogadh a chur sa tsiúl ná duine éigin a mharú, agus theastaigh uainn cogadh a tharraingt, agus mar sin bhí sé de rún againn cuid de na póilíní a mharú... Ba é an t-aon aiféala a bhí orainn tar éis an luíocháin ná nach raibh ach beirt póilíní ann, in áit an tseisir a raibh súil againn leo.”*

Cibé acu rún a bhí ann, bhí cogadh neamhthrócaireach anois ar bun.